Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8526/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0094 (NLE)**

**ENV 406**
**CLIMA 220**
**POLMAR 34**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 172 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh ag cruinniú Choimisiún OSPAR i mí an Mheithimh 2026 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 172 final.

Faoi iamh: COM(2026) 172 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.4.2026
COM(2026) 172 final

2026/0094 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh ag cruinniú Choimisiún OSPAR i mí an Mheithimh 2026

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagfar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoimisiún an Choinbhinsiúin maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh ('Coimisiún OSPAR') i ndáil le glacadh beartaithe an mholta maidir le deireadh a chur de réir a chéile le húsáid rópaí dalaí a fheidhmíonn mar threalamh cosanta.

### 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Coinbhinsiún OSPAR

Is é is aidhm don Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh ('Coinbhinsiún OSPAR') limistéar muirí an Atlantaigh Thoir Thuaidh a chosaint ar éifeachtaí díobhálacha ghníomhaíochtaí an duine chun sláinte an duine a chosaint, éiceachórais mhuirí a chaomhnú agus, nuair is indéanta, limistéir mhuirí a ndearnadh dochar dóibh a athbhunú. Tá 16 Pháirtí Chonarthacha ann: An Bheilg, An Danmhairg, an tAontas Eorpach, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Íoslainn, Éire,
Lucsamburg, an Ísiltír, an Iorua, An Phortaingéil, An Spáinn, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe agus an Eilvéis. Tháinig Coinbhinsiún OSPAR i bhfeidhm an 25 Márta 1998.

### 2.2. Coimisiún OSPAR

Is é atá i gCoimisiún OSPAR (a bunaíodh le hAirteagal 10 den Choinbhinsiún) ionadaithe do gach ceann de na Páirtithe Conarthacha; tagann sé le chéile go tráthrialta agus aon am a mheastar gur gá de bharr imthosca speisialta. Áirítear leis na dualgais atá air maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin agus athbhreithniú a dhéanamh ar thosaíochtaí OSPAR, ar bhail an limistéir mhuirí, ar éifeachtacht na mbeart atá á nglacadh, agus ar an ngá atá le haon bheart breise nó difriúil. De bhun Airteagal 10(3) de Choinbhinsiún OSPAR, tá sé de chumhacht ag Coimisiún OSPAR cinntí agus moltaí a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 de Choinbhinsiún OSPAR.

De réir Airteagal 20 den Choinbhinsiún, tá vóta amháin i gCoimisiún OSPAR ag gach Páirtí Conarthach. Tá an tAontas i dteideal líon vótaí atá cothrom leis an líon dá Bhallstáit is Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún. Ní dhéanfaidh an tAontas a cheart vótála a fheidhmiú i gcás ina bhfeidhmíonn na Ballstáit a gceart féin, agus *vice-versa* (Airteagal 20(2)). De bhun Airteagal 13(1) de Choinbhinsiún OSPAR, glacfar cinntí agus moltaí trí vóta d'aon toil ó na Páirtithe Conarthacha, nó – murar féidir teacht ar aon toil – trí vóta tromlaigh trí cheathrú ó na Páirtithe Conarthacha.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Coimisiún OSPAR

Le linn cruinniú Choimisiún OSPAR i mí an Mheithimh 2026, tá sé le moladh a ghlacadh maidir le deireadh a chur de réir a chéile le húsáid rópaí dalaí a fheidhmíonn mar threalamh cosanta san iascach chun laghdú substaintiúil a chur ar bhruscar muirí ó threalamh iascaireachta ('an gníomh atá beartaithe'). Déantar rópaí dalaí as plaisteach agus mar gheall air sin cuireann siad le truailliú plaisteach agus, ina theannta sin, is guaiseanna marthanacha iad do speicis mhuirí de bharr an fhostaithe.

Leis an moladh, nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí, spreagtar Páirtithe Conarthacha OSPAR chun bearta náisiúnta a ghlacadh chun roghanna eile atá oiriúnach don chomhshaol a

úsáid in ionad rópaí dalaí agus tacú le roghanna malartacha den sórt sin a fhorbairt. Thairis sin, moltar iarrachtaí comhchoiteanna ann chun faisnéis a chomhroinnt, bacainní féideartha a shárú, agus bearta dlíthiúla a chur chun cinn nuair a bheidh roghanna malartacha oiriúnacha eile le fáil.

Cuirtear chun cinn freisin sa mholadh iarrachtaí faireacháin chun tuiscint a fháil ar thionchar rópaí dalaí ar an muirthimpeallacht.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is é an seasamh atá le glacadh ag cruinniú Choimisiún OSPAR i mí an Mheithimh 2026 go dtacófar le glacadh an ghnímh atá beartaithe. Tá an moladh ailínithe le reachtaíocht an Aontais a bhaineann le cosaint an chomhshaoil mhuirí, lena n-áirítear Treoir (AE) 2019/904, lena dtugtar aghaidh ar thionchar táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol a laghdú, agus Treoir 2008/56/EC, lena mbunaítear creat le haghaidh gníomhaíocht comhphobail i réimse an bheartais chomhshaoil mhuirí. Is príomhghné den dara Treoir é bearta a dhéanamh chun bac a chur ar bhruscar muirí dochar a dhéanamh don chomhshaol cósta agus muirí, méid atá riachtanach chun dea-stádas comhshaoil uiscí muirí a bhaint amach.

Anuas air sin, le Rialachán 2019/1241 ón Aontas leagtar síos forálacha maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint. Leis na píosaí reachtaíochta sin ón Aontas soláthraítear creat comhleanúnach lena bhféadfaí deireadh a chur de réir a chéile le húsáid rópaí dalaí chun truailliú plaisteach a mhaolú, agus ailíníonn siad le cuspóirí an mholta OSPAR atá beartaithe. Tá gá le seasamh ón Aontas maidir leis an moladh atá beartaithe toisc go n-éascófar leis cur chun feidhme bheartais agus reachtaíocht an Aontais, cuirfear cosc ar dhamáiste don mhuirthimpeallacht agus cuirfear feabhas ar a cosaint. Dá bhrí sin, is é atá molta an tAontas tacaíocht a thabhairt do ghlacadh an ghnímh atá beartaithe.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[1].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Coimisiún OSPAR a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin Coinbhinsiún OSPAR.

Is gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis de réir Airteagal 218(9) CFAE é an gníomh atá beartaithe ós rud é go ngintear éifeachtaí dlíthiúla faoin dlí idirnáisiúnta leis an moladh maidir

[1] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

le deireadh a chur de réir a chéile le húsáid rópaí dalaí a fheidhmíonn mar threalamh cosanta, cé nach bhfuil an moladh ceangailteach ó thaobh dlí, toisc go bhforchuirtear le Coinbhinsiún OSPAR oibleagáid iompair ar na páirtithe conarthacha a mhéid a bhaineann le moltaí Choimisiún OSPAR a chur chun feidhme. .

Sa chomhthéacs sin, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Airteagal 22 de Choinbhinsiún OSPAR, lena bhforchuirtear oibleagáid dhlíthiúil ar na páirtithe conarthacha tuairisciú do Choimisiún OSPAR go tráthrialta maidir leis *'(a) na bearta dlíthiúla, rialaitheacha, nó bearta eile a dhéanann siad chun forálacha de chuid an Choinbhinsiúin agus de chuid cinntí agus moltaí a ghlactar faoin gCoinbhinsiún a chur chun feidhme, lena n-áirítear go háirithe bearta a dhéantar chun iompar lena sáraítear na forálacha sin a chosc agus pionós a ghearradh ina leith* [...]'. Ina theannta sin, déantar foráil le hAirteagal 23 de Choinbhinsiún OSPAR go ndéanfaidh Coimisiún OSPAR '*measúnú ar  a mhéid a chomhlíonann siad an Coinbhinsiún agus na cinntí agus moltaí a ghlactar faoin gCoinbhinsiún*'

Cuirtear in iúl sna forálacha sin go mbunaítear le Coinbhinsiún OSPAR, ar bhealach ceangailteach ó thaobh dlí de, go bhfuil coinne leis go ndéanfaidh na páirtithe bearta chun moltaí Choinbhinsiún OSPAR a chur chun feidhme agus  go dtuairisceoidh siad faoi na bearta sin, agus go ndéanfaidh Coimisiún OSPAR faireachán ar a mhéid a chomhlíonann siad na moltaí sin, agus ar an mbealach sin, forchuirtear oibleagáid iompair ar na páirtithe a mhéid a bhaineann leis na moltaí sin. Mar gheall air sin, meastar go ngintear éifeachtaí dlíthiúla le moltaí OSPAR maidir leis na páirtithe conarthacha, lena n-áirítear an tAontas, de réir bhrí Airteagal 218(9) CFAE.

I gcás an mholta maidir le deireadh a chur de réir a chéile le húsáid rópaí dalaí a fheidhmíonn mar threalamh cosanta, deimhnítear gur ann do na héifeachtaí dlíthiúla sin le hábhar an mholta. Sa chomhthéacs sin, ba cheart tagairt do phointe 5 den mholadh dar teideal 'tuarascálacha cur chun feidhme', ina ndeimhnítear go bhfuil coinne leis go gcuirfidh na páirtithe an moladh chun feidhme, agus go bhfuil oibleagáid orthu tuairisciú ('cuirfear isteach') maidir leis an gcur chun feidhme sin, trí bhíthin formáid tuairiscithe a bunaíodh go sonrach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an moladh.

Dá bhrí sin, tá éifeachtaí dlíthiúla don Aontas ag an ngníomh atá beartaithe faoin dlí idirnáisiúnta, ós rud é go bhforchuirtear oibleagáid iompair ar an Aontas, mar pháirtí conarthach i gCoinbhinsiún OSPAR, chun an gníomh atá beartaithe a chur chun feidhme agus tuairisciú a dhéanamh ar an gcur chun feidhme sin. Leis an ngníomh atá beartaithe, ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe le cosaint an chomhshaoil. Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### **4.3. Conclúid**

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe, Airteagal 192(1) i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2026/0094 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh ag cruinniú Choimisiún OSPAR i mí an Mheithimh 2026

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas Coinbhinsiún OSPAR (‘an Coinbhinsiún’) a thabhairt i gcrích trí bhíthin Chinneadh 98/249/CE ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 1998.

(2) De bhun Airteagal 10(3) den Choinbhinsiún, is féidir leis an gCoimisiún a bunaíodh le hAirteagal 10(1) den Choinbhinsiún (‘Coimisiún OSPAR’) cinntí agus moltaí a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 den Choinbhinsiún.

(3) Tá sé beartaithe go nglacfaidh Coimisiún OSPAR moladh maidir le deireadh a chur de réir a chéile le húsáid rópaí dalaí a fheidhmíonn mar threalamh cosanta le linn a 29ú cruinniú tráthrialta dar tús an 22 Meitheamh 2026.

(4) Beidh éifeachtaí dlíthiúla ar an Aontas ag moladh Choimisiún OSPAR maidir le deireadh a chur de réir a chéile le húsáid rópaí dalaí a fheidhmíonn mar threalamh cosanta má ghlactar é.

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh a leagan síos atá le glacadh laistigh de Choimisiún OSPAR i dtaca leis an moladh maidir le deireadh a chur de réir a chéile le húsáid rópaí dalaí a fheidhmíonn mar threalamh cosanta.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An moladh maidir le deireadh a chur de réir a chéile le húsáid rópaí dalaí a fheidhmíonn mar threalamh cosanta laistigh de Choimisiún OSPAR; comhaontóidh an tAontas an moladh sin a ghlacadh.

*Airteagal 2*

Féadfar mionathruithe teicniúla ar an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1 a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*